**Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022**

# Tuairisceán agus Dearbhú Cánach Carbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)

| Ainm an tSoláthraí | Uimhir Clárúcháin CBL |
|---|---|
| | |
| Seoladh (Eircode san áireamh) | An tréimhse chuntasaíochta (féach Nóta 1) |
| | Ón L L M M B B B B |
| | Go dtí an L L M M B B B B |

## Aonaid Gáis Nádúrtha a Sholáthraítear ag LCC do Thomhaltóirí agus le haghaidh Tomhaltas an tSoláthraí féin gan aonaid a sholáthraítear do Shealbhóirí Ceadúnais Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa san áireamh

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán na n-aonad soláthraithe ag LCC (1 aonad = 1 MWh)** (féach Nóta 2) | | = **A** |

## Aonaid Gáis Nádúrtha a Sholáthraítear ag LCC le haghaidh Úsáidí Díolmhaithe

| | | |
|---|---|---|
| **Aonaid a Sholáthraítear ag LCC le haghaidh úsáid eisiach chun Leictreachas a Ghiniúint (gan comhghiniúint teasa agus cumhachta in Éineacht (TCÉ) san áireamh)** (féach Nótaí 3 & 4) | | |
| **Aonaid a Soláthraítear ag LCC le haghaidh úsáide i nDí-Ocsaídiú Ceimiceach nó i bPróisis Leictrealaíocha nó Miotaleolaíocha** (féach Nóta 3) | | |
| **Iomlán na n-aonad a sholáthraítear le haghaidh úsáidí díolmhaithe** (is é sin, iomlán na n-aonad don dá chatagóir thuas) | | = **B** |
| **Glanaonaid incháinithe** (**= A** lúide **B**) | | = **C** |

## Ríomh na Cánach Iníoctha

| | **Líon na n-aonad ag LCC** | **Ráta in aghaidh an aonaid ag LCC** (féach Nóta 5) | **Cáin** |
|---|---|---|---|
| **Aonaid a Sholáthraítear do Shealbhóirí Ceadúnais Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa** (féach Nóta 6) | | **0.54** | € |
| **Glanaonaid incháinithe** (**Figiúr "C"**) | | **6.06** | € |
| | | **Iomlán na Cánach Iníoctha** | € |

Dearbhaím, i gcomhréir leis an dlí* lena rialaítear CCGN:

- go dtugann na sonraí ar an bhfoirm seo **cuntas iomlán agus fíor** ar na soláthairtí breosla gáis nádúrtha incháinithe agus faoi fhaoiseamh cánach **arna soláthar** ag an soláthraí ainmnithe le linn na tréimhse sonraithe,
- go bhfuarthas dearbhuithe roimh an soláthar ó na daoine cuí mar is gá de réir dlí do sholáthairtí a cháilíonn le haghaidh faoiseamh ag an bhfoinse (féach Nótaí 3 agus 6), agus
- gur ráiteas fíor maidir le dliteanas CCGN an tsoláthraí sin don tréimhse sin atá san fhigiúr sonraithe i leith "Iomlán na Cánach Iníoctha".

*Caibidil 2 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 (arna leasú) agus Rialacháin an CCGN, 2013 (Uimhir I.R. 191 de 2010)

Sínithe ........................................ Sínitheoir údaraithe (féach Nóta 7)

Ainm (BLOCLITREACHA) ____________ Fón ____________

Ainmníocht (féach Nóta 7) ____________ Dáta L L M M B B B B

**Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022**

## Tuairisceáin a Thíolacadh agus Íocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh CCGN

### Custaiméirí ROS

Féadann soláthraithe atá cláraithe le haghaidh**Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)** tuairisceáin agus íocaíochtaí NGCT1 a dhéanamh ar ROS. Nuair atá cineál íocaíochta á roghnú ar ROS, ba chóir do sholáthraithe cliceáil ar Íocaíochtaí/Dearbhú Cánach agus CCGN a roghnú ón roghchlár anuas.

Tá tuilleadh eolais ar an gcaoi le híocaíocht ar líne a dhéanamh le fáil ar an rannán ar Threoracha maidir le Seirbhísí Íocaíochta**https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/help-guides/ros/payment-services-guides.aspx**

### Custaiméirí nach Custaiméirí ROS iad

Féadann soláthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS tuairisceáin NGCT1 ar líne a dhéanamh trí **M'Fhiosruithe**, atá ar fáil ar **mochúrsaí**, trí chóip scanta den Fhoirm NGCT1 sínithe agus comhlánaithe a thíolacadh. De rogha air sin, féadann soláthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS tuairisceáin chomhlánaithe a sheoladh tríd an bpost chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Rannóg an Ard-Bhailitheora

Teach an tSáirséalaigh

Sráid Phroinséis

Luimneach

V94 R972.

Féadtar íocaíochtaí CCGN do sholáthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS a dhéanamh trí **mochúrsaí**.

Tá tuilleadh eolais ar an gcaoi le híocaíocht ar líne a dhéanamh le fáil ar an rannán ar Threoir **mochúrsaí** ag **https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/help-guides/myaccount/payments.aspx**

Áis ar líne é **M'Fhiosruithe** a ligeann do chustaiméirí comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil go slán gan ríomhphost a úsáid. Tá tuilleadh eolais ar **M'Fhiosruithe** ar fáil ar **https://www.revenue.ie/ga/online-services/services/manage-your-record/myenquiries.aspx**. Tabhair do d'aire, maidir le sonraí pearsanta agus íogaire ar bith a sheoltar mar ghnáth-théacs trí ríomhphost caighdeánach, nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim ráthaíocht a thabhairt go bhfuil siad go hiomlán slán. Má roghnaíonn custaiméirí áirithe an bealach seo a úsáid, meastar go nglacann siad le riosca ar bith atá i gceist.

## TABHAIR DO D'AIRE

Gearrtar muirear úis ar íocaíochtaí déanacha, mar a fhoráiltear faoi Alt 103 den Acht Airgeadais, 2001. Moltar do cháiníocóirí a ndóthain ama a chur ar leataobh – trí lá ar a laghad – le go mbainfidh a n-íocaíocht Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim amach faoin dáta dlite.

Má loictear an CCGN a íoc, nó íocaíocht a dhéanamh in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú éigeantach tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe faoi Alt 1002 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

**Níor chóir an fhoirm seo a úsáid ach amháin do thréimhsí cuntasaíochta ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022**

## Nótaí treorach chun an fhoirm seo a chomhlánú

**1.** Is éard is tréimhse chuntasaíochta ná tréimhse dhá mhí féilire as a chéile, agus Eanáir / Feabhra áirithe mar an gcéad tréimhse in aon bhliain ar leith. Ní mór Tuairisceán agus Dearbhú CCGN agus íocaíocht leis a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim taobh istigh de mhí amháin ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann.

**2.** Tá an Tuairisceán agus Dearbhú CCGN bunaithe ar gás nádúrtha a sholáthraítear in aonaid in aghaidh na huaire meigeavata (MWh) arna thomhas ag luach comhlán calrach (LCC). Nuair a sholáthraítear gás nádúrtha arna thomhas ag glanluach calrach (GLC), is gá an luach GLC a thiontú isteach ina LCC tríd an luach GLC a roinnt ar fhachtóir tiontaithe 0.9017.

**3.** Sa chás go soláthraíonn soláthraí gás nádúrtha ag ráta nialasach le húsáid i ngléasra:

- chun leictreachas a ghiniúint agus chuige sin amháin (gan comhghiniúint teasa agus cumhachta in éineacht)
- le haghaidh dí-ocsaídiú ceimiceach
- i bpróisis leictrealaíocha nó miotaleolaíocha

ní mór dóibh gach cainníocht gáis nádúrtha a sholáthraítear a chur san áireamh sa rannán “Aonaid Gáis Nádúrtha a Sholáthraítear ag LCC le haghaidh Úsáidí Díolmhaithe”. Ní mór don duine nó don ghnó sin atá ag oibriú an ghléasra sin an “**Dearbhú um úsáid Gáis Nádúrtha chun Críocha Díolmhaithe**” de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar **https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/documents/excise/energy-taxes/declaration-of-usage-of-natural-gas-for-exempt-purposes.pdf** a chomhlánú agus é a sheoladh chuig a soláthraí. Ní mór cóip scanta a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí **M’Fhiosruithe. Ní fhéadann soláthraithe gás nádúrtha faoi fhaoiseamh cánach a sholáthar go dtí go bhfaigheann siad dearbhú comhlánaithe go cuí ón duine nó gnó atá ag oibriú an ghléasra.** Ní mór dearbhuithe úsáide a choinneáil le haghaidh cigireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**4.** Sa chás go n-úsáideann tomhaltóir gás nádúrtha i ngléasraí comhghiniúna teasa agus cumhachta in éineacht (TCÉ) a ghineann leictreachas ardéifeachtúil, tá an sciar den bhreosla a úsáidtear i dteideal faoisimh. Tá an faoiseamh ar fáil trí aisíocaíocht a dhéanamh leis an tomhaltóir. Ní fhéadfaidh soláthraithe an faoiseamh a fheidhmiú ag an bhfoinse agus ní dhéileáltar leis an bhfaoiseamh ar an bhfoirm NGCT1 seo. Maidir leis na figiúirí “Iomlán na n-aonad soláthraithe ag LCC” ar leathanach 1, ní mór go bhfolódh siad na cainníochtaí uile de sholáthairtí incháinithe gáis nádúrtha sa chatagóir chuí, lena n-áirítear soláthairtí le haghaidh Comhghiniúint TCÉ. Tá tuilleadh eolais ar an bhfaoiseamh cánach ar **Chomhghiniúint Ardéifeachtúil Teasa is Cumhachta in Éineacht (CATCÉ)** ar fáil ar **https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/excise-and-licences/energy-taxes/he-chp/index.aspx**.

**5.** Tá an ráta €6.06 an uair meigeavata éifeachtach ón 1 Bealtaine 2021 agus tugadh é in LCC. Ríomhtar an ráta GLC tríd an ráta LCC a roinnt ar fachtóir tiontaithe 0.9017. Tugann sé seo ráta GLC de €6.72 in aghaidh an MWh.

**6.** Sa chás go soláthraíonn soláthraí gás nádúrtha ag an ráta laghdaithe ní mór dóibh gach cainníocht de ghás nádúrtha a chur san áireamh sa rannán "Ríomh na Cánach Iníoctha". Ní mór don sealbhóir ceadúnais an "**Dearbhú um úsáid Gáis Nádúrtha ag Sealbhóirí Ceadúnais Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa**"de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar **https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/documents/excise/energy-taxes/greenhouse-gas-emissions-permit-holder.pdf** a chomhlánú agus é a sheoladh chuig a soláthraí. Ní mór cóip scanta a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe. **Ní fhéadfaidh soláthraithe gás nádúrtha a sholáthar ag an ráta laghdaithe go dtí go bhfaigheann siad dearbhú comhlánaithe go cuí ón sealbhóir ceadúnais lena mbaineann.** Ní mór dearbhuithe úsáide a choinneáil le haghaidh cigireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**7.** Ní mór an Tuairisceán agus Dearbhú CCGN seo a bheith sínithe ag an soláthraí lena mbaineann nó ag an duine údaraithe i gcomhréir le Rialachán 6 **de Rialacháin na Cánach Charbóin ar Bhreosla Soladach, 2010; Uimhir I.R. 191 de 2010**. Ní mór don duine sin an post atá acu sa ghnó a shonrú, mar shampla Rúnaí na Cuideachta, Stiúrthóir na Cuideachta, Páirtnéir, srl. de réir mar is cuí.

**8.** Ní mór gach taifead i ndáil leis an tuairisceán seo a choinneáil ar feadh sé bliana. Féadtar iad a choinneáil i bhfoirm leictreonach, ar an gcoinníoll go bhféadtar iad a chur ar fáil i bhfoirm phriontáilte nuair a iarrtar iad.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie.** Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim